# GAELSCOIL THAOBH NA COILLE





**BEALLAIRMÍN, AN CHÉIM, B.Á.C. 18**
fón: 01 2950000 r-phost: gaelscoil@taobhnacoille.ie
www.taobhnacoille.ie

Gaelscoil
Thaobh na Coille



# LEABHRÁN EOLAIS

Meán Fómhair 2026

**Réamhrá**

- Bunscoil chomhoideachais chaitliceach lán-Ghaeilge í, Gaelscoil Thaobh na Coille.
- Feidhmíonn an scoil faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais & Scileanna.
- Tá Gaelscoil Thaobh na Coille faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo. Cuirtear fáilte roimh gach páiste sa scoil is cuma cén cúlra teanga, sóisialta, creidimh nó náisiúntachta atá acu.
- Meon chaitliceach atá ag an scoil ach cuirtear fáilte roimh dhaltaí ó chreidimh eile freastal ar an scoil.
- Scoil saor-oideachais í, a riartar le cúnamh airgeadais ón Roinn Oideachais & Scileanna. Bímid ag brath mar sin féin ar chúnamh ó thuismitheoirí agus ó chairde na scoile chun airgead a bhailiú le cuidiú le costas reatha agus forbartha na scoile.
- Is páirtnéirí iad na tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus tá siad lán-pháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta. Grúpa tuismitheoirí a bhunaigh an scoil sa bhliain 1995. Osclaíodh an scoil ar an 4ú lá de Mheán Fómhair i gClubtheach Chumann Rugbaí de la Salle Palmerston i gCill Tiarnáin.
- I mí Márta 1998, bhronn an Roinn Oideachais & Eolaíochta aitheantas buan ar Ghaelscoil Thaobh na Coille.
- Ar an 1 Meán Fómhair 2009 bhogamar isteach inár bhfoirgneamh scoile buan in Eastáit Bheallairmín sa Chéim. Foirgneamh úr-nua, dhá-stór, 16 seomra ranga í atá geal agus fairsing le seomraí ranga móra, áiseanna cearta oideachais do na daltaí & do na múinteoirí, seomraí il-úsáide agus halla tionóil.
- Tháinig forbairt rang amháin in aghaidh na bliana ar an scoil go dtí go raibh sí ina scoil dhá shraith iomlán sa bhliain 2016.

***Fealsúnacht na Scoile***

*Timpeallacht shuaimhneach* a chruthú ina ndéanfar cúram d'fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta an pháiste. *An Ghaeilge* mar theanga a bheith lárnach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc agus mar mheán cumarsáide. Béim faoi leith a chur ar an *gcultúr Gaelach*. Na páistí a spreagadh ina threo seo taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. *Dearcadh dearfach* i leith na foghlama a chothú sna daltaí agus a chur ar a gcumas foghlaim neamhspléach a dhéanamh. *Atmaisféar* a chothú sa scoil a spreagann an dalta a bheith neamhspleách, caoinfhulangach, cineálta, muiníneach agus comhoibritheach. An *creideamh Caitliceach* a mhúineadh agus a chur ar fáil mar threoir mhórálta sa scoil. *Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí* i gcomhoideachas na bpáistí a spreagadh, trí deiseanna a thabhairt dóibh a bheith lánpháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta. An *freastal céanna* a dhéanamh ar phobal uile na scoile (daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí) i ngach gnéith de shaol na scoile.

**Introduction**

- Gaelscoil Thaobh na Coille is a co-educational catholic All-Irish school.
- The school functions in accordance with the usual rules of the Department of Education & Skills.
- Gaelscoil Thaobh na Coille is under the Patronage of Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge. All children, irrespective of linguistic, social, religious background or nationality are welcome in the school.
- The school has a Catholic ethos. However we welcome children of other beliefs to our school.
- The school is a non-fee paying school which is run with the financial assistance of the Department of Education & Skills. However we do encourage parents and friends of the school to participate and support fund-raising events that supplement the costs of development and the day to day running of the school.
- Parents are seen as partners in the mutual education of their children and are very much involved in the development of the school through the Parents' Association and the Board of Management. The school was established by a group of parents in 1995. The school opened its doors on the 4th of September 1995 in the grounds of De La Salle Palmerston Rugby Club in Kilternan, Co. Dublin.
- Gaelscoil Thaobh na Coille gained official recognition from the Department of Education & Science in March 1998.
- On the 1st of September 2009 we moved into our permanent school building in Belarmine Estate, Stepaside. This new two-storey, 16 classroom building is bright and spacious, has big classrooms and proper facilities for children & teachers alike, multi-purpose rooms and an assembly hall.
- The school developed one extra class a year until the school become a full two-stream school in September 2016.

***School Philosophy***

In Gaelscoil Thaobh na Coille we strive to create *a positive learning environment* in which due regard is paid to the intellectual, physical, social, emotional and spiritual development of the child. Where the *Irish language* is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication amongst teachers, children, management and parents / guardians (where possible). Special emphasis being placed on all aspects of *Irish Culture* thus encouraging pupils to partake in cultural activities both inside and outside of school. To instill in the pupils a *positive attitude* towards learning thus enabling them to learn independently. *Creating an atmosphere* in the school that encourages the pupils to be independent, tolerant, kind, confident and co-operative. Teaching the *Catholic religion* and using it as a source of moral guidance in the school. Parents are seen as partners in the mutual education of their children and are encouraged to become involved in the development of the school through the Parents' Association and the Board of Management. Each and everyone involved with the school (pupils, teachers, parents) shall be treated equally in every aspect of school life.

## Aidhmeanna na Scoile

***Tá sé mar aidhm againn i nGaelscoil Thaobh na Coille ár ndícheall a dhéanamh sár-oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.***

Déanfar é seo trí:

- Dearcadh dearfach agus grá don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach a spreagadh sna daltaí.
- Cúram cuí a dhéanamh de gach gné den churaclam : na Teangacha, an Ghaeilge agus an Béarla; Matamaitic; Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta; Oideachas Ealaíon; Corpoideachas; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte; agus Oideachas Reiligiúnach.
- Iarracht a dhéanamh a chur ar chumas na ndaltaí ard-chaighdeán a bhaint amach i nGaeilge agus i mBéarla ar fhágáil na scoile dóibh.
- Chuile dheis a thabhairt do na daltaí ardchaighdeán a bhaint amach sa léitheoireacht, sa scríbhne-oireacht agus sa ríomhadh.
- Suímh a chruthú inar féidir leis na daltaí iad féin a chur in iúl i meáin dhifriúla – mar shampla ceol, ealaín, spórt, rince, drámaíocht srl.

## *Sainaidhmeanna*

- Go mbainfidh an dalta taitneamh as a s(h)aol scoile.
- Go lorgófar ardcaighdeán iompair. Go ndéanfar cinnte de go mbeidh an dalta i gcónaí séimh agus béasach le daltaí eile, le múinteoirí eile agus le cuairteoirí, ionas go mbeidh atmaisféar deas comhoibritheach sa scoil. (féach cód smachta)
- Go ndéanfar féin-mhuinín an dalta a fhorbairt.
- Go ndéanfar forbairt ar scileanna maithe idirphearsanta.
- Go gcuirfear béim ar éisteacht ionas go mbeidh na daltaí in ann éisteacht go haireach agus go tu-isceanach.
- Go gcuirfear béim ar chumarsáid chruinn, éifeachtach agus mhisniúil.
- Go mbainfidh na daltaí amach an caighdeán is airde de réir a gcumais féin.

# The Aims Of The School

***In Gaelscoil Thaobh na Coille we strive to provide an excellent standard of education through the medium of Irish***

This will be achieved by:

- Cultivating a positive attitude and love of the Irish language and culture, in the pupils.
- Paying due regard to the development of each area of the curriculum: the languages, Irish and English; Mathematics; Social, Environmental and Scientific Education; Art Education; Physical Education; Social, Personal and Health Education; and Religious Education.
- Trying to enable the pupils to reach a high standard in Irish and in English by the time they leave the school.
- Given the pupils every opportunity to reach the highest of standards in reading, writing and arithmetic.
- Creating an environment in which the pupils can express themselves through different media - for example music, art, sport, dance, drama etc.

# Specific Aims

- That the pupils will enjoy school life.
- A high standard of behaviour will be demanded. Ensuring that pupils are kind considerate and well mannered at all times to other pupils, teachers and visitors, so that there will be a positive atmosphere of co-operation in the school. (see code of behaviour)
- The development of self-confidence and self-esteem in the pupils.
- The development of good interpersonal skills.
- Placing emphasis on good listening skills, enabling the pupils to listen attentively and with consideration.
- Emphasis placed on competent and effective communication skills.
- That the pupils attain the highest standard according to their ability.

## An Ghaeilge

Is í an Ghaeilge an teanga theagaisc agus an teanga chumarsáide idir na múinteoirí, na páistí, an bhainistíocht agus na tuismitheoirí / caomhnóirí (nuair is féidir é ) i nGaelscoil Thaobh na Coille.

- Is teanga bheo í an Ghaeilge sa scoil laistigh agus lasmuigh de na ranganna, sa chlós agus i dtimpeallacht na scoile.

- Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide ag ócáidí sóisialta, ócáidí spóirt nó drámaíochta nó aon imeachtaí eile ar a bhfreastalaímid mar scoil.

- Cuirtear fáilte roimh gach páiste sa scoil is cuma cén cúlra teanga atá acu. Is i nGaeilge amháin a labhraítear leis an bpáiste nuair a thagann sé/sí ar scoil den chéad uair agus uaidh sin amach. Is é an córas luath thumoideachas iomlán atá i bhfeidhm sa scoil agus ní thosaítear ar an mBéarla a theagasc go dtí na naíonáin shinsearacha.

- Iarraimid ar thuismitheóirí / chaomhnóirí agus gach duine eile a bhíonn bainteach leis an scoil cuidiú linn agus muid cruthú ‘Gaeltacht’ inár scoil agus inár dtimpeallacht.

- Molaimid go mór iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt sa bhaile nuair is féidir, is cuma muna mbíonn ann ach an cúpla focal, nathanna cainte nó abairtí anseo is ansiúd. Is mór an chabhair dúinne agus don pháiste má bhíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge le sonrú sa bhaile chomh maith leis an scoil.

- Má theastaíonn ó thuismitheoir / chaomhnóir labhairt leis an múinteoir ranga le linn ranga, iarraimíd air/uirthi Gaeilge a labhairt.

## An Ghaeilge

Irish is the language of instruction and the language of communication amongst teachers, children, management and parents / guardians (where possible) in Gaelscoil Thaobh na Coille.

- Irish is a living language within the classroom and without, in the schoolyard, and in the vicinity of the school.

- Irish is the language of communication at social functions, sporting and drama occasions and any other activity where we are present as a school.

- All children are welcome in our school irrespective of linguistic background. Irish is the only language spoken to the child when he/she comes to school for the first time and there on after. We use the early total immersion method of language acquisition and English is not taught until senior infants.

- We ask parents and everyone who is involved with the school to help us as we strive to create our own ‘Gaeltacht’ in the school and in our locality.

- We would encourage the use of Irish at home whenever possible – it doesn’t matter if it only includes a ‘cúpla focal’, short phrases or the odd sentence here and there. A positive attitude towards Irish in the home as well as in school, is of great help to us and to the child attending our school.

- If a parent / guardian wishes to speak with the class teacher during class time, we ask that they to do so “as Gaelige”.

## Múinteoirí

22 múinteoir lánaimseartha atá sa scoil faoi láthair An Príomhoide, 16 Oide Ghnáthranga, & 4 múinteoir Tacaíochta Foghlama

1. Orla Ní Fhicheallaigh ***Príomhoide***
2. Maoilíosa Ó Dubhthaigh ***Leasphríomhoide***
3. Máirín Ní Dhubhthaigh
4. Máire Mhic Gabhann
5. Eavan Ní Mhuirgheasa
6. Sadhbh Rosenstock
7. Deirdre Ní Dhochartaigh
8. Bróna Ní Bhaoill
9. Colm Ó Coisdealbha
10. Caitríona Bairéad
11. Clíona Seoighe
12. Ciara Ní Bháille
13. Deirdre Uí Dhiomsaigh
14. Sarah Ní Fhallamháin
15. Sarah-Jane Ní Choillte
16. Ailbhe Ní Dhuibhginn
17. Lauryn Bhreathnach
18. Jack Ó Loineacháin
19. Emma de Róiste
20. Mícheál de Bhailís
21. Hannah Nic Uaid

- Úsáidtear ainmneacha iomlána na múinteoirí sa scoil. i.e. An Múinteoir Máire Ní Bhroin
  Úsáideann na páistí sloinne an mhúinteora agus iad ag labhairt le nó faoin múinteoir.
  i.e. An Múinteoir Ní Bhroin
- Iarrtar ar thuismitheoirí / chaomhnóirí an fhoirm seo a úsáid os comhair na ndaltaí nó ag ócáidí foirmeálta. Nuair is teagmháil aonair nó phearsanta atá i gceist idir mhúinteoir agus tuismitheoir / caomhnóir, úsáidtear ainmeacha baiste
- Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht isteach chun na scoile chun deacrachtaí nó fadhbanna atá ag a bpáiste a phlé leis an múinteoir nó leis an bpríomhoide. Iarrtar ar an tuismitheoir/ caomhnóir coinne a dhéanamh roimh ré ionas go mbeidh an múinteoir & an tuismitheoir / caomhnóir in ann cúrsaí a phlé gan aon chur isteach.
- Má tá teachtaireacht le tabhairt ag tuismitheoir / caomhnóir don múinteoir nó do pháiste le linn an ranga, iarrtar go ndéanfaí é trí Ghaeilge.
- Eagraítear cruinnithe aonair tuismitheoirí / múinteoirí sa chéad téarma.
- Seoltar tuairisc scríofa chuig tuismitheoirí / caomhnóirí i Mí an Mheithimh.

# Múinteoirí

There are 22 full-time teachers employed in the school at present. The Principal and 16 Class Teachers & 4 Learning Support Teachers.

1. Orla Ní Fhicheallaigh ***Príomhoide***
2. Maoilíosa Ó Dubhthaigh ***Leasphríomhoide***
3. Máirín Ní Dhubhthaigh
4. Máire Mhic Gabhann
5. Eavan Ní Mhuirgheasa
6. Sadhbh Rosenstock
7. Deirdre Ni Dhochartaigh
8. Bróna Ní Bhaoill
9. Colm Ó Coisdealbha
10. Caitríona Bairéad
11. Clíona Seoighe
12. Ciara Ní Bháille
13. Deirdre Uí Dhiomsaigh
14. Sarah Ní Fhallamháin
15. Sarah-Jane Ní Choillte
16. Ailbhe Ní Dhuibhginn
17. Lauryn Bhreathnach
18. Jack Ó Loineacháin
19. Emma de Róiste
20. Mícheál de Bhailís
21. Hannah Nic Uaid

- The teachers are addressed by their full names. i.e. An Múinteoir Máire Ní Bhroin
  The pupils address the teachers by their surnames when talking to them or about them.
  i.e. An Múinteoir Ní Bhroin
- Parents / guardians are asked to use this version /form of the name in front of pupils or at formal occasions. However where a parent/guardian is speaking privately or personally with a teacher first names are used.
- Parents / guardians are welcomed to the school to discuss with the class teacher or principal any difficulties or problems their child might be having. We do ask however that an appointment be made beforehand so that the teacher and parent / guardian may meet in private without being disturbed.
- If a parent / guardian has a message for the teacher or a child during class time, we ask that it be relayed "as Gaeilge".
- Individual parent / teacher meetings are organised in the first term.
- Individual written reports are sent to the parents at the end of June.

## Uaireanta Scoile

| | | |
|---|---|---|
| **Osclaíonn an scoil ag :** | **8.50 r.n.** | gach rang |
| **Críochnaíonn an scoil ag :** | 1.30 i.n. | naíonáin shóisearacha & shinsearacha |
| | **2.30 i.n.** | Rang 1 go dtí Rang 6 |

182 lá an uas-mhéid lá sa bhliain scoile.

Tosaíonn an bhliain scoile ag deireadh Lúnasaa/an chéad lá Meán Fómhair (athraíonn an dáta tosaigh ó bhliain go bliain)

Bíonn an scoil dúnta do shaoire an tsamhraidh i mí Iúil agus mí Lúnasa

Cuirtear liosta laethanta saoire na bliana ar fáil do na tuismitheoirí / caomhnóirí sa chéad téarma.

Téann na naíonáin shóisearacha abhaile ag a 12.00 a chlog ar feadh coicíse nuair i mí Meán Fómhair.

Osclóidh an scoil do na daltaí ag 8.50r.n. Ní ghlacfar freagracht as daltaí a thiocfaidh roimh an t-am sin. Críochnóidh an lá scoile gach lá ag 2.30i.n. ach i gcás na naíonáin a théann abhaile ag 1.30i.n. Ba chóir do na tuismitheoirí socruithe a dhéanamh a bpáistí a bhailiú ag an áit bhailithe, agus an duine a bhéas á mbailiú a bheith ag an scoil roimh nó ag 2.30i.n. mar nach féidir leis an scoil freagracht a ghlacadh as páiste ar bith i ndiaidh an ama sin..

## Tinreamh

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí / chaomhnóirí a chur in iúl don scoil nuair a bhíonn a bpáiste as láthair ón scoil.

Iarrtar ar thuismitheoirí / chaomhnóirí litir mhíniúcháin a sheoladh chun na scoile nuair a bhíonn a bpáiste as láthair ón scoil de bharr tinnis nó eile.

Má bhíonn dalta as láthair 20 lá sa scoil bhliain is gá don scoil é sin a chur in iúl don Oifigeach Leas Pháistí.

Ní scaoilfear dalta ar bith ón scoil i rith am scoile gan nóta míniúcháin ón tuismitheoir / caomhnóir.

## School Hours

| | | |
|---|---|---|
| **School opens at :** | **8.50 a. m.** | all classes |
| **School closes at :** | 1.30 p. m. | junior and senior infants |
| | **2.30 p. m.** | $1^{st}$ to $6^{th}$ class |

The school will be open for a maximum of 182 days in the year.

The school year begins on the last days of August/first day of September (start date changes from year to year)

The school closes in July and August for the summer holidays.

A list of school holidays/closures is given to parents in the first term.

The junior infants go home at 12.00 noon for the first fortnight in September.

The school will open to receive pupils at 8.50 a.m. No responsibility is accepted for pupils arriving before that time. Classes will end each day at 2.30pm, except in the case of the infant classes which finish at 1.30pm. Parents who wish to have their children escorted home should make their own arrangements to have them met at the collection point, and the person who will escort them, should be at the school not later than 2.30pm as the school cannot accept responsibility for looking after children after that time.

## Attendance

Parents / guardians are required to inform the school if their child is to be absent from school.

Parents / guardians are asked to explain in writing why their child has been absent from school be it due to illness or other.

The school is required to inform the Educational Welfare Officer if a pupil is absent from school for 20 days in any school year.

No pupil will be released from school during the school day without the written permission of his/her parent/guardian.

# Éide Scoile

Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán/foirmeálta, atá luaite thíos, a chaitheamh 3 lá sa tseachtain

. Caithear an culaith spóirt dhá lá sa tseachtain i.e. na laethannta go ndéantar corpoideachas.

- Corpoideachas N1 go R2 Luan & Déardaoin
- Corpoideachas R3 go R6 Máirt & Aoine.

Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt nó an t-éide scoile a chaitheamh.

**<u>Éide Scoile</u>**

pirlín breacán (dubhghorm, gorm, glas) (R1 - R4) nó filleadh beag (R5 - R6) nó treabhsar dubhghorm
cairdeagan nó geansaí dubhghorm (le suaitheantas na scoile)
blús / léine bhán nó léine polo bhán
carbhat breacán
bróga dubh nó dubhghorm
stocaí/riteoga dubhghorm

**<u>Culaith Spóirt</u>**

culaith spóirt dubhghorm (le suaitheantas na scoile)
léine polo bhán
bróga reatha dubh, dubhghorm nó bán

**<u>Éide Scoile Samhraidh</u>**

Ceadaítear brístí gearra dubhghorm & Léine polo a chaitheamh nuair a bhíonn aimsir the ann.
(Bealtaine/Meitheamh/Meán Fómhair amháin)

**Éide Scoile & Culaith Spóirt ar fáil ó:** **The Schoolwear House**
Aonad D7, Eastáit Tionscail Chrios Baile an Mhóta
Baile an Mhóta
B.Á.C. 24.
Fón : (01) 4604 371

## School Uniform

All pupils from first to sixth class must wear the formal school uniform specified below 3 days per week.

The school tracksuit is worn once a week i.e. P.E. day.

- Physical Education N1 go R2 Monday & Thursday
- Physical Education R3 go R6 Tuesday & Friday.

The infants have the option of wearing the tracksuit or the uniform.

**School Uniform**

tartan (navy, blue, green) pinafore (R1- R4) or tartan kilt (R5 - R6) or navy trousers
navy cardigan or jumper (with school crest)
white blouse (round collar) or white shirt or white polo shirt
tartan tie
navy or black shoes
navy socks / tights

**P.E. Uniform**

navy tracksuit (with school crest)
polo shirt
Runners : black, navy or white

**Summer Uniform**

Navy shorts and polo shirt may be worn during the summer term when the weather is fine. (May/June/September only)

**School Uniform & Tracksuit available from:** **The Schoolwear House**
Unit D7, Ballymount Cross Industrial Estate
Ballymount Industrial Estate
Dublin 24.
T: (01) 4604 371

## Lón Scoile

Tá Clár na Lónta Te Scoile ar bun sa scoil. Is iad an comhlucht Nourish & Green an soláthraí a chuireann na lónta te scoile ar fáil sa scoil. Soláthraíonn siad béilí lámhdhéanta úr, folláin agus saor ó dhathanna agus blasanna saorga. Bíonn lón beag - torthaí & glasraí agus deoch le tabhairt ag na daltaí leo ar scoil ón mbaile. Itear na torthaí/glasraí roimh am lóin beag ag 10:30 agus itear an lón te i ndiaidh am súgartha ag 12:30.

Ní ceadaítear do na daltaí a bheith ag roinnt lón lena chéile (ar chúiseanna sláinte).

**Ní ceadaítear cnónna/bia le cnónna** a bheith mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge le cnónna ag roinnt daltaí sa scoil.

Tuile eolais ar fáil ar an suíomh ghréasáin www.nourishandgreen.ie

## Am Sosa

Bíonn dhá shos spraoi ag na daltaí gach lá. Sos 10 nóiméad ag a 10:30 agus sos 30 nóiméad ag a 12:00 Itheann na daltaí an lón róimh nó I ndiaidh dóibh dul amach ag súgradh.

## Téacsleabhair Scoile

Cuireann Scéim na Leabhar Bunscoile in Aisce i mbunscoileanna leabhair scoile saor in aisce ar fail do pháistí i mbunscoileanna aitheanta.

Cuireann an scéim leabhair scoile, leabhair saothair agus fearas stáisinéarachta ar fáil saor in aisce.

Ní gá do thuismitheoirí aon ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo chostas leabhar scoile, leabhar saothair agus cóipleabhar san áireamh.

Is leis an scoil na leabhair scoile ar fad agus tugtar iad ar iasacht do na daltaí ar feadh scoilbhliana amháin agus ag deireadh na bliana caithfear iad a thabhairt ar ais don scoil

Fágtar na leabhair ar scoil den chuid is mó, ach amháin leabhair a bheidh ag teastáil ó na daltaí don obair bhaile agus na leabhair léitheoireachta.

## Bille Scoile

Eisítear Bille Scoile do gach dalta i mí an Mheithimh chun costas an fhearais oideachais agus nithe eile nach bhfuil san áireamh faoi Scéim na Leabhar in Aisce a chlúdach.

Clúdaíonn an Bille Scoile costas nithe ar nós Fótachóipeáil, Ábhair Ealaíne agus Ceardaíochta, Árachas Timpiste Pearsanta an Dalta agus ilghnéitheacha eile.

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an 'Bille Scoile' a íoc i mí an Mheithimh roimh an scoilbhliain nua.

## School Lunch

The School Hot Lunches Programme is in place in school. Nourish & Green provide fresh, wholesome handmade meals that are free from artificial colours and flavours. The children bring a small snack of fruit & vegetables and a drink from home for' lón beag'. This snack is eaten before 'lón beag' at 10:30 and the hot lunch is eaten after playtime at 12:30.

Pupils are not allowed to share their lunches (for health reasons).

**Nuts & foods containing nuts are not allowed** in school & should not be sent in to school for lunch as several children in the school suffer from severe nut allergies.

Further information re school meals is available on the website www.nourishandgreen.ie

## Break Times

The pupils have two breaks during the day. A ten minute break at 10.30 a.m. and a thirty minute break at 12..15. The children eat their lunch before going out to play.

## School Text Books

The free primary schoolbooks scheme provides free schoolbooks for all children in recognised primary schools.

The scheme includes all schoolbooks, workbooks and stationary materials.

Parents are no longer be required to make any contribution towards the cost of schoolbooks, Including the cost of workbooks and copybooks.

All schoolbooks remain the property of the school and are given on loan to pupils for the duration of the school year and must be returned to the school at the end of the year.

School books are generally left in school with the exception of readers and books the pupil may need to complete his/her homework.

## School Bill

A School Bill is issued for each pupil in June to cover the cost of Educational equipment & sundries not included under the Free Books Scheme.

The School Bill covers the cost of items such as Photocopying, Arts and Crafts Materials, Pupil Personal Accident Insurance and other sundries

Parents / guardians are asked to pay the 'School Bill' in June preceding the new school year.

# Polasaí Iontrála

Bunaíodh Gaelscoil Thaobh na Coille le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoideachais Lán-Ghaeilge dá bpáistí. Tugtar tús áite sa scoil dá bhrí sin do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge.

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000.

**Daltaí a Ligean Isteach**
Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas:

- i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di & go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

**Iarratas ar Iontráil**
Glacfar le hiarratais ar Iontráil i bhFómhar na bliana sula bhfuil sé i gceist ago dtosódh an pháiste ar scoil. Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Ghaelscoil Thaobh na Coille leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

**Riachtanas Iontrála** Naíonáin Shóisearacha: Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Meán Fómhair don bhliain iarratais.

**Ró-éileamh**
Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm **san ord ina bhfuil siad thíos** maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Gaeilge i suíomh neamhoideachasúil agus go mbeadh an dóchúlacht ann go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.*
2. Siblín** le dalta reatha na scoile nó le hiardhalta a d'fhreastail ar an scoil.
3. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.

* Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.
** Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe

Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile cinneadh maidir leis an líon daltaí a ghlacfar san naíonáin shóisearacha ó bhliain go bliain. Cuirfear clárúchán iomlán na Scoile san áireamh & an cinneadh seo á dhéanamh.

*Is féidir an Polasaí Iontrála a léamh ina iomláine ar shuíomh ghréasáin na Scoile www.taobhnacoille.ie*

# Admission's Policy

Gaelscoil Thaobh na Coille was founded to serve parents in the area who wished their children to be educated through the medium of Irish. In the allocation of school places preference is given therefore to children who are being brought up through the medium of Irish.

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000.

**Admission of Students**
This school shall admit each student seeking admission except where:

- the school is oversubscribed (please see section 6 below for further details)
- a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student

**Applicaion for Admission**
Applications for a place in junior infants with be accepted in the autumn priair to the year the child intends starting school. The relevant dates and timelines for Gaelscoil Thaobh na Coille's admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

**Admission Requirement** for Junior Infants: Applicants for junior infants must be at least 4 years of age before the 1st September for the year for which they are applying.

**Oversubscription**
In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria **in the order listed below** to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

1. Children who have attained a level of fluency in the Irish language in a non-educational environment and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*
2. A sibling** of an existing pupil or of a past pupil.
3. According to age; the oldest child first.

* The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.

** Brothers, sisters, half-sibling, foster or adopted children

The Board of Management will determine the number of children to be enrolled in junior infants on a yearly basis. The school's enrolment will be taken into consideration in taking this decision.

*The school's Admissions Policy can be read in it's entirety on the school website www.taobhnacoille.ie*

*Imeachtaí scoile:*

## Múinteoireacht Tacaíochta Foghlama

Oibríonn ár múinteoirí tacaíocht foghlama le daltaí a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta nó le daltaí a bhainfeadh leas as tacaíocht léitheoireachta nó matamataice sa bhreis. Is féidir go mbeadh siad ag obair i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga laistigh den seomra ranga nó le grúpaí nó le daltaí aonair aistharraingthe as an seomra ranga.

## Cuntóirí Riachtanais Speisialta

Cuidíonn agus tacaíonn CRS le daltaí a bhfuil mí-chumais éagsúla agus riachtanais bhreise acu trí sheirbhísí neamh-mhúinte a chur ar fáil de réir mar is gá. Ina measc seo tá cabhrú le gníomhaíochtaí laethúla, cúram pearsanta, agus a chinntiú gur féidir le daltaí rochtain éifeachtach a fháil ar an gcuraclam.

## Banna Ceoil

Tá banna ceoil traidisiúnta ag an scoil a thagann le chéile uair sa tseachtain i rith am lóin - a bhuíochas do na múinteoirí a dhéanann obair leo go deonach ina gcuid ama féin.

## Cór Náisiúnta na nÓg

Bíonn daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille páirteach i gCór Náisiúnta na nÓg. Tionscnamh córach scoil-bhunaithe débhliantúil í Cór Náisiúnta na nÓg do dhaltaí bunscoile. Foghlamaíonn daltaí R5 & R6 clár leathan amhrán a chanann siad ansin mar chuid d'ollchór daltaí bunscoile ó B.Á.C & ar fud na tíre.

## Iomáint/Peil

Tagann traenálaí iománaíochta/peile ó C.L.G. Nmh. Ólaf chun na scoile uair sa tseachtain (i rith am scoile) le traenáil iománaíocht/peile a dhéanamh leis na páistí.

## Snámh

Eagraítear ceachtanna snámha i rith am scoile mar chuid den rang Corpoideachais do dhaltaí R1 go R3. Bloc 8/9 gceacht in aghaidh na bliana a bhíonn i gceist. Bíonn costas bhreise ar seo.

*Imeachtaí iar-scoile:*

## Traenáil Peile/Iománaíochta

Déantar traenáil peile agus iománaíochta le daltaí 'sna ranganna sinsearacha i ndiaidh am scoile. Glacann siad páirt i léigeanna chumann na mBunscol. Braitheann an treanáil seo go hiomlán ar dhea-thoil múinteoirí atá sásta an obair seo a dhéanamh go deonach ina gcuid ama féin.

## Ceol Uirlise

Cuireann Scoil Cheoil Thaobh na Coille ranganna ceol uirlise ar fáil ar láthair na scoile tráthnóna Luan (veidhlín, feadóg mhór, giotar srl ó bhliain go bliain).

## Club Spraoi

Eagraítear Club Spraoi/Club Obair Bhaile i ndiaidh am scoile do dhaltaí ó R1 go R6. Bíonn an Club Spraoi ar siúl óna 14:30 go dtí 16:00 Luan go Déardaoin.

## Imeachtaí Iar-scoile Eile

Eagraítear imeachtaí iarscoile eile - athraíonn siad seo ó bhliain go bliain.

## Cúram Leanaí

Cuireann Denise Ní Mhurchú seirbhís cúram leanaí ar fáil sa naíonra do pháistí atá 'sna naíonáin (1.30pm go 2.30 pm) .

## Naíonra Thaobh na Coille

Tá naíonra Gaeilge lonnaithe i seomra ranga réamhdhéanta ar shuíomh na scoile. Rithtear an naíonra go neamhspléach ar an scoil. Gach eolas ar fáil ón stiúrthóir:

- Naíonra Thaobh na Coille: Denise Ní Mhurchú 087-2903638

*School activities:*

## Learning Support Teaching

Our learning support teachers work with pupils with Special Educational Needs or with pupils who are experiencing educational difficulties & would benefit from a bit of support with their reading or maths. They may be working in partnership with the classroom teacher inside the classroom or with groups or individual students withdrawn from the classroom.

## Special Needs Assistants

SNA's assist and support pupils with varying disabilities and additional needs by providing necessary non-teaching services. This includes helping with daily activities, personal care, and ensuring that pupils can access the curriculum effectively.

## Traditional Music Band

The school has a traditional music band who come together and practice once a week during lunchtimes. This takes place under the direction and instruction of teachers who do this work in their own time.

## National Children's Choir

Gaelscoil Thaobh na Coille is affiliated to the National Children's Choir. The National Children's Choir is a biennial school-based choral experience for primary school children. Pupils in 5th & 6th learn a repertoire of songs which they then perform in a massed choir of pupils from all over Dublin & Ireland.

## Hurling/Football

A G.A.A. coach from Naomh Ólafs comes to the school once a week (during school time ) to teach hurling/football to the children.

## Snámh

Swimming lessons are organised (as part of Physical Education) during school hours for the pupils of 1st to 3rd class. Each class attends a block of 8/9 lessons per year. There is a extra cost for same.

*After school activities:*

## Football & Hurling Training

Football and hurling training for the senior pupils is carried out after school hours. The teams participate in leagues organised by Cumann na mBunscol. This training depends on the goodwill of teachers who are willing to undertake this voluntary work in their own time.

## Music Tuition

Scoil Cheoil Thaobh na Coille offers instrumental music classes on the school premises on Monday afternoons (violin, flute, guitar, etc. - instruments taught may vary from year to year).

## Club Spraoi

The Club Spraoi/Homework Club is available after school for students from R1 to R6. The Club Spraoi takes place from 14:30 to 16:00 Monday to Thursday.

## Other Extra Curricular Activities

Other Extra Curricular Activities may be available - these vary from year to year

## Child Minding

Denise Ní Mhurchú provides a child minding service in the naíonra for junior and senior infants (1.30pm to 2.30p m) .

## Naíonra Thaobh na Coille

An Irish Language playgroup operates from two prefabricated classrooms on the school grounds. The naíonra is run independently from the school. For further information contact:

- Naíonra Thaobh na Coille: Denise Ní Mhurchú 087-2903638

## Tuismitheoirí : Parents

Is páirtnéirí iad tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus tá siad lánpháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí ghníomhaíochtai Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

The parents are seen as partners in the mutual education of their children and are closely involved in the development of the school through the activities of the Parents' Association and the Board of Management.

## Bord Bainistíochta 2023 - 2027

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach / Chairperson : | Máire Mac Gabhann |
| Rúnaí / Secretary : | Orla Ní Fhicheallaigh |
| Rúnaí Taifead/ Recording Secretary : | Maoilíosa Ó Dubhthaigh |
| Cuntasóir / Treasurer: | Kevin de Barra |

**Baill an Bhoird / Board Members**

| | |
|---|---|
| Ionadaithe an Phátrún / Patrons' Pepresentative : | Máire Mac Gabhann<br>Turlach Ó Meachair |
| Ionadaithe na dTuismitheoirí / Parents' Representatives : | Deirdre Neff<br>Kevin de Barra |
| Príomhoide / Principal: | Orla Ní Fhicheallaigh |
| Ionadaí na Múinteoirí / Teachers' Representative : | Maoilíosa Ó Dubhthaigh |
| Ionadaithe  ón bPobal / Representatives from the Community : | Fióna Ní Chléirigh<br>Daithí Mac Roibeáird |

Aibreán 2026